

IARSCRÍBHINN VII

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Phrótocal: bearta idirthréimhseacha, an Rómáin**1. SAORGLUAISEACHT DAOINE****An Conradh ag bunú Bunreacht don Eoraip**

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibríthe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77);

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1);

32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus ag aisghairm Threoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

1. I dtaca le saorghluaiseacht oibríthe agus sairse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibríthe mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE idir an Rómáin, ar thaobh amháin, agus gach ceann de na Ballstáit láithreacha ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagal III-133 agus ag an gcéad mhír d'Airteagal III-144 den Bhunreacht ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 14.

2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus go dtí deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, cuirfidh na Ballstáit láithreacha i bhfeidhm bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó shocruithe déthaobhacha, a rialaíonn rochtain ar a margaí saothair ag náisiúnaigh na Rómáine. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

Náisiúnaigh na Rómáine atá ag obair go dleathach ar dháta an aontachais i mBallstát láithreach arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Náisiúnaigh na Rómáine arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad freisin de na cearta céanna.

Scoirfidh náisiúnaigh na Rómáine atá luaite sa dara fomhír agus sa tríú fomhír thuas de thairbhí de na cearta atá cuimsithe sna fomhíreanna sin má fhágann siad go deonach margadh saothair an Bhallstáit láithrigh i dtrácht.

Náisiúnaigh na Rómáine atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó i rith tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm, arna ligean isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí, ní thairbheoidh siad de na cearta sin.

3. Roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth chríochnú an athbheithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i bhfeidhm feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

4. Arna iarraidh sin don Rómáin, féadfar athbheithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí ón iarraidh a fháil ón Rómáin.

5. Ballstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana atá sonraithe i mír 2, féadfaidh sé, i gcás ina dtarlóidh suaithheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó ina mbeidh bagairt dá leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán Uimh. 1612/68 (CEE) i leith náisiúnaigh na Rómáine, de bhua mhír 3, mhír 4 nó mhír 5, agus atá ag eisiúint ceadanna oibre do náisiúnaigh na Rómáine chun críocha faireacháin i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

7. Na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na Rómáine, de bhua mhír 3, mhír 4 nó mhír 5, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuair a tharlaíonn suaithheadh ar mhargadh saothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann Ballstát suaithheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gCoimisiún a dhearbhu go ndéanfar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthríocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a ré agus a raon feidhme agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoin gcinneadh sin. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain ó dháta an Chinnidh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iarraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad atá cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar fionraí de bhua mhíreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm ag Airteagal 23 de Threoir 2004/38/CE sa Rómáin i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh na Rómáine, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mhéad a bhaineann leis an gceart atá ag baill de theaghlach oibríthe gabháil le fostaíocht:

- céile an oibrí agus a sliocthaigh atá faoi bhun 21 bliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus a bhfuil cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlach oibrí arna ligean isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí;
- céile an oibrí agus a sliocthaigh atá faoi bhun 21 bliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus a bhfuil cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúsce a bheidh cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh ocht mí dhéag ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túsce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach bhféadfar na forálacha sin de Threoir 2004/38/CE a athghabhann forálacha de Threoir 68/360/CEE ⁽¹⁾ a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a gcuirtear siar a gcur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Rómáin agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach atá leagtha síos thuas, féadfaidh an Rómáin bearta coibhíseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh an Bhallstáit nó na mBallstát i dtrácht.

11. Má fhionraíonn aon cheann de na Ballstáit láithreacha cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68, féadfaidh an Rómáin dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 7 i leith na Bulgáire. I rith aon tréimhse den sórt sin, ceadanna oibre arna n-eisiúint ag an Rómáin do náisiúnaigh na Bulgáire chun críocha faireacháin, eisofar go huathoibríoch iad.

12. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar a bheidh ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

13. Chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, in earnálacha íogaire sonracha seirbhíse ar a margáí saothair a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus fad a dhéanfaidh siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach thuas, maidir le saorghluaiseacht oibríthe na Rómáine, féadfaidh an Ghearmáin agus an Ostair maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal III-144 den Bhunreacht tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, d'fhonn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú sa Rómáin, le gluaiseacht shealadach oibríthe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha seirbhíse a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

— sa Ghearmáin:

Earnáil	Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Glantachán tionsclaíoch	74.70 Glantachán tionsclaíoch
Seirbhísí eile	74.87 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin

(*) NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

⁽¹⁾ Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibríthe ó na Ballstáit agus dá dteaghlai (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13). Treoir mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33) agus arna haisghairm le héifeacht ón 30 Aibreán 2006 le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

— san Ostair:

Earnáil	Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt
Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta	01.41
Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú	26.7
Struchtúir mhiotail agus codanna díobh a mhonarú	28.11
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Gníomhaíochtaí slándála	74.60
Glantachán tionsclaíoch	74.70
Altranas tí	85.14
Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht	85.32

(*) NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

A mhéad a mhaolaíonn an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d'Airteagal III-144 den Bhunreacht i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, féadfaidh an Rómáin, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní leanfaidh ón mír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do ghluaiseacht shealadach oibríthe i gcomhthéacs soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Rómáin ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

14. Ní leanfaidh ó mhíreanna 2 go 5 agus 7 go 12 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh na Rómáine ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 13, i rith aon tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibríthe is náisiúnaigh de chuid na mBallstát seachas oibríthe is náisiúnaigh de chuid tríú tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Oibríthe imirceacha Rómánacha agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile nó oibríthe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach sa Rómáin, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar oibríthe imirceacha agus a dteaghlaigh ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhallstát sin nó sa Rómáin faoi seach. Ina theannta sin, agus príonsabal an fhabhair Chomhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibríthe imirceacha ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Rómáin ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh na Rómáine.

2. SAOIRSE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

31997 L 0009: Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal cúitimh sa Rómáin go dtí an 31 Nollaig 2011. Áiritheoidh an Rómáin go ndéanfaidh a scéim chúitimh d'infheisteoirí foráil maidir le cumhdach nach lú ná EUR 4 500 ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007, do chumhdach nach lú ná EUR 7 000 ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2008, do chumhdach nach lú ná EUR 9 000 ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009, do chumhdach nach lú ná EUR 11 000 ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010 agus do chumhdach nach lú ná EUR 15 000 ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011.

I rith na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu féin cosc a chur le brainse de ghnólacht Rómánach infheistíochta atá bunaithe ar a gcriócha oibriú mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, an brainse sin tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d'fhonn an difear idir an leibhéal Rómánach cúitimh agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE a chumhdach.

3. SAORGLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

1. Na srianta atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe an Chonartha Aontachais i dtaca le sealúchas talún le haghaidh áiteanna tánaisteacha cónaithe a fháil a mhéad a bhaineann le náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (CLEE) nach bhfuil cónaí orthu sa Rómáin agus le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile nó Stát CLEE nach bhfuil bunaithe ar chríoch na Rómáine agus nach bhfuil brainse ná gníomhaireacht ionadaíochta acu inti, féadfaidh an Rómáin iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoin gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

Náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus náisiúnaigh de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bhfuil cónaí orthu go dleathach sa Rómáin, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon rialacha agus nósanna imeachta eile seachas rialacha agus nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Rómáine faoina réir.

2. Na srianta atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe an Chonartha Aontachais i dtaca le talamh talmhaíochta, foraoiseacha agus talamh foraoiseachta a fháil a mhéad a bhaineann le náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile nó Stát CLEE nach bhfuil bunaithe ná cláráithe sa Rómáin, féadfaidh an Rómáin iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoin gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, ar feadh seacht mbliana ó dháta an aontachais. Ní fhéadfar i gcás ar bith cóir is lú fabhar a chur ar náisiúnach de chuid Ballstáit i leith talamh talmhaíochta, foraoiseacha agus talamh foraoiseachta a fháil ná mar a chuirtear air ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais ná cóir níos sriantaí a chur air ná ar náisiúnach tríú tír.

Feirmeoirí féinfhostaithe is náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile ar mian leo iad féin a bhunú agus cónaí a bheith orthu sa Rómáin, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Rómáine faoina réir.

Déanfar athbhreithniú ginearálta ar na bearta idirthréimhseacha sin sa tríú bliain tar éis dháta an aontachais. Chuige sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh an idirthréimhse atá sonraithe sa chéad fhomhír a ghiorrú nó deireadh a chur léi.

4. BEARTAS IOMAÍOCHTA

A. CABHAIR FHIOSCACH

1. An Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 5, Rialacha iomaíochta

(a) D'ainneoin Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i gcás gnóthas a fuair an teastas buan-infheisteora i Limistéar Díothach roimh an 1 Iúil 2003, féadfaidh an Rómáin leanúint de mhaoluithe ar cháin chorparáideach a dheonú ar bhonn Ordánas Éigeandála Uimh. 24/1998 ón Rialtas maidir le Limistéir Dhíothacha, mar atá arna leasú:

- le haghaidh 3 Limistéar Díothach (Brad, Valea Jiului, Bălan) go dtí an 31 Nollaig 2008 agus an dáta sin san áireamh,
- le haghaidh 22 Limistéar Díothach (Comănești, Bucovina, Altân Tepe, Filipești, Ceptura, Albeni, Schela, Motru Rovinari, Rusca Montană, Bocșa, Moldova Nouă-Anina, Baraolt, Apuseni, Ștei-Nucet, Borod Șuncuiuș-Dobrești-Vadu Crișului, Popești-Derna-Aleșd, Ip, Hida-Surduc- Jibou-Bălan, Șarmășag-Chiejd-Bobota, Baia Mare, Borșa Vișeu, Rodna) go dtí an 31 Nollaig 2009 agus an dáta sin san áireamh,
- le haghaidh 3 Limistéar Díothach (Cugir, Zimnicea, Copșa Mică) go dtí an 31 Nollaig 2010 agus an dáta sin san áireamh,

faoi na coinníollacha seo a leanas:

- deonaítear an státchabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:
 - ní rachaidh glandéine na cabhrach réigiúnaí sin thar ráta 50 % den Ghlanchoibhéis Deontas. I gcás gnóthas beag agus meánmhéide, féadfar an uasteorainn sin a mhéadú 15 pointe céatadáin, ar chuntar nach rachaidh an ghlandéine iomlán chabhrach thar 75 %,
 - má tá an gnóthas gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí ⁽¹⁾, ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 30 % de na costais infheistíochta cháilithe,
 - tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha thuasluaite a ríomh ar an 2 Eanáir 2003; eisíofar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús arna bhfáil roimh an dáta sin,
 - chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinní áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair,
 - saineofar costais cháilithe ar bhonn na dTreoirínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta ⁽²⁾,

⁽¹⁾ De réir bhrí Iarscríbhinn C den Chumarsáid ón gCoimisiún — Clár réime ilernálach maidir le cabhair réigiúnach do mhórhionscadail infheistíochta (IO C 70, 19.3.2002, lch. 8). Cumarsáid mar atá arna leasú go deireanach agus arna foilsíú in IO C 263, 1.11.2003, lch. 3.

⁽²⁾ IO C 74, 10.3.1998, lch. 9. Treoirínte mar atá arna leasú go deireanach agus arna bhfoilsíú in IO C 258, 9.9.2000, lch. 5.

- is iad na costais cháilithe a fhéadfar a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 2 Deireadh Fómhair 1998 (i. dáta theacht i bhfeidhm na scéime faoi Ordánas Éigeandála Uimh. 24/1998 ón Rialtas maidir le Limistéir Dhíothacha) agus an 15 Meán Fómhair 2004.

(b) Soláthróidh an Rómáin don Choimisiún:

- dhá mhí tar éis dháta an aontachais, faisnéis faoi chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach thuas,
- faoi dheireadh Nollaig 2010, faisnéis faoi na costais infheistíochta cháilithe arna dtabhú iarbhrí ag na tairbhíthe faoi Ordánas Éigeandála Uimh. 24/1998 ón Rialtas maidir le Limistéir Dhíothacha, mar atá arna leasú, agus faoi na méideanna iomlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhíthe, agus
- tuarascálacha leathbhliantúla ar fhaireachán ar chabhair arna tabhairt do na tairbhíthe in earnáil na mótarfheithiclí.

2. **An Conradh ag bunú Bunreacht don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 5, Rialacha iomaíochta**

(a) D'ainneoin Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht, i gcás gnóthas a shínigh conarthaí tráchtála le Riaracháin Limistéir Saorthrádála roimh an 1 Iúil 2002, féadfaidh an Rómáin leanúint, go dtí an 31 Nollaig 2011, de mhaoluithe ar ríchiosa a dheonú ar bhonn Dhlí Uimh. 84/1992 maidir le Limistéir Shaorthrádála, mar atá arna leasú, faoi na coinníollacha seo a leanas:

- deonaítear an státchabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:
 - ní rachaidh glandéine na cabhrach réigiúnaí sin thar ráta 50 % den Ghlanchoibhéis Deontas. I gcás gnóthas beag agus meánmhéide, féadfar an uasteorainn sin a mhéadú 15 pointe céatadáin, ar chuntar nach rachaidh an glandéine iomlán chabhrach thar 75 %,
 - má tá an gnóthas gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí ⁽¹⁾, ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 30 % de na costais infheistíochta cháilithe,
 - tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha thuasluaite a ríomh ar an 2 Eanáir 2003; eisiafar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús arna bhfáil roimh an dáta sin,
 - chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair,
 - saineofar costais cháilithe ar bhonn na dTreoirínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta ⁽²⁾,
 - is iad na costais cháilithe a fhéadfar a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 30 Iúil 1992 (i. dáta theacht i bhfeidhm na scéime faoi Dhlí Uimh. 84/1992 maidir le Limistéir Shaorthrádála) agus an 1 Samhain 2004.

⁽¹⁾ De réir bhrí Iarscríbhinn C den Chumarsáid ón gCoimisiún — Clár réime ilearnálach maidir le cabhair réigiúnach do mhórhionscadail infheistíochta (IO C 70, 19.3.2002, lch. 8). Cumarsáid mar atá arna leasú go deireanach agus arna foilsíú in IO C 263, 1.11.2003, lch. 3.

⁽²⁾ IO C 74, 10.3.1998, lch. 9. Treoirínte mar atá arna leasú go deireanach agus arna bhfoilsíú in IO C 258, 9.9.2000, lch. 5.

(b) Soláthróidh an Rómáin don Choimisiún:

- dhá mhí tar éis dháta an aontachais, faisnéis faoi chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach thuas,
- faoi dheireadh Nollaig 2011, faisnéis faoi na costais infheistíochta cháilithe arna dtabhú iarbhrí ag na tairbhíthe faoi Dhlí Uimh. 84/1992 maidir le Limistéir Shaorthrádála, mar atá arna leasú, agus faoi na méideanna iomlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhíthe, agus
- tuarascálacha leathbhliantúla ar fhaireachán ar chabhair arna tabhairt do na tairbhíthe in earnáil na mótarfheithiclí.

B. ATHSTRUCHTÚRÚ CRUACH

An Conradh ag bunú Bunreatha don Eoraip, Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 5, Rialacha iomaíochta

1. D'ainneoin Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunrecht measfar go bhfuil stáitchabhair arna deonú ag an Rómáin ar mhaithe le hathstruchtúró do chodanna sonraithe de thionscal cruach na Rómáine ó 1993 go 2004 ag luí leis an gcómhargadh, ar chuntar:

- go bhfadaítear go dtí an 31 Nollaig 2005 an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 9(4) de Phrótacal 2 maidir le táirgí CEGC atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile ⁽¹⁾,
- go cloítear i gcaitheamh na tréimhse 2002-2008 leis na téarmaí atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúró agus sna pleananna leithleacha gnó ar ar a mbonn a fadaíodh an Prótacal thuasluaite,
- go gcomhalltar na coinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscscríbhinn A,
- nach ndéantar aon stáitchabhair i bhfoirm ar bith a dheonú ná a íoc do na muilte cruach atá folaithe sa chlár náisiúnta um athstruchtúró ón 1 Eanáir 2005 go dtí an 31 Nollaig 2008, deireadh na tréimhse don athstruchtúró, agus
- nach n-íoctar aon stáitchabhair um athstruchtúró do thionscal cruach na Rómáine tar éis an 31 Nollaig 2004. Chun críocha na bhforálacha seo agus Fhoscríbhinn A, tuigfead stáitchabhair um athstruchtúró mar aon bheart a bhaineann le cuideachtaí cruach arb éard é stáitchabhair de réir bhrí Airteagal 87(1) de Chonradh CE agus nach féidir a mheas go bhfuil sé ag luí leis an gcómhargadh i gcomhréir leis na gnáthrialacha a chuirtear i bhfeidhm sa Chomhphobal.

2. Is iad na cuideachtaí atá liostaithe i gCuid I d'Fhoscríbhinn A (dá ngairtear 'cuideachtaí tairbhiúla' anseo feasta), agus iad siúd amháin, a bheidh cáilithe do stáitchabhair faoi chuimsiú chlár na Rómáine um athstruchtúró cruach.

3. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2008 (dá ngairtear 'deireadh na tréimhse um athstruchtúró' anseo feasta), críochnófar athstruchtúró earnáil chruach na Rómáine, mar atá tuairiscithe i bpleananna leithleacha gnó na cuideachtaí tairbhiúla agus sa chlár náisiúnta um athstruchtúró, agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscscríbhinn A.

⁽¹⁾ IO L 357, 31.12.1994, I ch. 2. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/2003 ó Chomhairle Chomhlachais/AE na Rómáine an 25.9.2003 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil).

4. Ní fhéadfaidh cuideachta thairbhiúil:
- i gcás cumaisc le cuideachta nach bhfuil liostaithe i gCuid I d'Fhoscríbhinn A, tairbhe na cabhrach arna deonú don cuideachta thairbhiúil a chur ar aghaidh;
 - sócmhainní aon chuideachta nach bhfuil liostaithe i gCuid I d'Fhoscríbhinn A a ghabháil chuici agus tairbhe na cabhrach arna deonú di sa tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2008 a chur ar aghaidh.
5. Déanfaidh aon athrú iardain ar úinéireacht aon cheann de na cuideachtaí tairbhiúla urramú ar na coinníollacha agus na prionsabail i dtaca le hinmharthanacht, státchabhracha agus laghdú cumais atá sainithe sna forálacha seo agus i bhFoscríbhinn A.
6. Cuideachtaí nach bhfuil liostaithe mar 'cuideachtaí tairbhiúla' faoi Chuid I d'Fhoscríbhinn A, ní thairbheoidh siad de státchabhair um athstruchtúrú ná d'aon chabhair eile nach meastar a bheith ag luí le rialacha státchabhrach Comhphobail agus ní bheidh d'iallach orthu a gcumas a laghdú sa chomhthéacs seo. Ní áireofar aon ghearradh cumais laistigh de na cuideachtaí sin mar chuid den íoslághdú.
7. Cinnfear méid iomlán na hollchabhrach um athstruchtúrú le formheas le haghaidh na gcuideachtaí tairbhiúla de réir na bhfírinne do gach aon cheann de na bearta cabhrach dá bhforáiltear sa chlár náisiúnta críochnaitheach um athstruchtúrú agus sna pleananna leithleacha gnó lena bhformheas ag údarais na Rómáine agus faoi réir fhíorúcháin chríochnaitheach maidir le comhall na gcrítéar atá leagtha amach in Airteagal 9(4) de Phrótocal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Eorpach agus faoi réir fhormheas ón gComhairle. I gcás ar bith, ní rachaidh méid iomlán na hollchabhrach um athstruchtúrú arna deonú agus arna híoc sa tréimhse 1993-2004 thar ROL 49 985 billiún. Laistigh den uasteorainn fhoriomlán sin, beidh feidhm ag na fotheorainneacha nó méideanna uasta seo a leanas maidir le státchabhair arna deonú agus arna híoc do gach cuideachta thairbhiúil sa tréimhse 1993-2004:

Ispat Sidex Galați	ROL 30 598 billiún
Siderurgica Hunedoara	ROL 9 975 billiún
CS Reșița	ROL 4 707 billiún
IS Câmpia Turzii	ROL 2 234 billiún
COS Târgoviște	ROL 2 399 billiún
Donasid (Siderca) Călărași	ROL 72 billiún

Beidh de thoradh ar an státchabhair inmharthanacht faoi ghnáthimthosca margaidh a bheith bainte amach ag na cuideachtaí tairbhiúla ag deireadh na tréimhse um athstruchtúrú. Déanfar méid agus déine na cabhrach sin a theorannú go dian dá bhfuil fíor-riachtanach chun an inmharthanacht sin a athbhunú. Cinnfear an inmharthanacht agus aird á tabhairt ar na tagarmharcanna atá tuairiscithe i gCuid III d'Fhoscríbhinn A.

Ní dheonóidh an Rómáin aon státchabhair bhreise do thionscal cruach na Rómáine ar mhaithe le hathstruchtúrú.

8. Is é 2,05 milliún tona méid íosta na nglanlaghduithe cumais iomlán a bheidh le baint amach ag na cuideachtaí tairbhiúla do tháirgí críochnaithe i rith na tréimhse 1993-2008.

Tomhasfar na laghduithe cumais sin ar bhonn áiseanna cruach teorollta a dhúnadh go buan trí scrios fisiciúil ar dhóigh nach féidir na háiseanna a athchur i seirbhís. Ní cháileofar mar laghdú cumais cuideachta thairbhiúil do dhearbhuí féimheachta ⁽¹⁾.

⁽¹⁾ Beidh laghduithe cumais buan de réir bhrí Chinneadh Uimh. 3010/91/CEGC ón gCoimisiún (IO L 286, 6.10.1991, lch. 20).

Déanfar an glanlaghdú íosta cumais de 2,05 milliún tona agus na dátaí chun scor de tháirgeadh agus chun na háiseanna atá fothaithe a dhúnadh go buan a bhaint amach ar cothrom leis an amchlár atá leagtha amach i gCuid II d'Fhoscríbhinn A.

9. Beidh formhuiniú i scríbhinn ó na cuideachtaí tairbhiúla ag gabháil leis na pleananna leithleacha gnó. Cuirfear chun feidhme iad agus áireofar leo ach go háirithe:

(a) I gcás Ispat Sidex Galați:

- (i) an clár infheistíochta a chur chun feidhme chun an mhonarcha a nuachóiriú, feabhas a chur ar thorthaí, costais a laghdú (go háirithe tomhaltas fuinnimh) agus feabhas a chur ar an gcáilíocht
- (ii) aistriú chuig deighleáin mhargaidh táirgí leata cruach ar mó a mbreisluach
- (iii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus bainistíocht eagraíochtúil
- (iv) athstruchtúru airgeadais na cuideachta a chomhlánú
- (v) na hinfeistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(b) I gcás Siderurgica Hunedoara:

- (i) na háiseanna a nuachóiriú d'fhonn an plean díolacháin atá beartaithe a ghnóthú
- (ii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus bainistíocht eagraíochtúil
- (iii) na hinfeistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(c) I gcás IS Câmpia Turzii:

- (i) aschur táirgí ar mó a bhreisluach agus táirgí próiseáilte a mhéadú
- (ii) an clár infheistíochta a chur chun feidhme d'fhonn cáilíocht na táirgeachta a fheabhsú
- (iii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus bainistíocht eagraíochtúil
- (iv) na hinfeistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(d) I gcás CS Reșița:

- (i) speisialú ar tháirgí leathchríochnaithe chun soláthar d'earnáil áitiúil na bpíobán
- (ii) cumais neamhéifeachtacha a dhúnadh
- (iii) na hinfeistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

- (e) I gcás COS Târgoviște:
- (i) scair na dtáirgí ar mó a bhreisluach a mhéadú
 - (ii) an clár infheistíochta a chur chun feidhme chun costais a laghdú, cur le héifeachtacht agus cáilíocht a fheabhsú
 - (iii) na hinfeistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh
- (f) I gcás Donasid Călărași:
- (i) an clár infheistíochta a chur chun feidhme chun an mhonarcha a nuachóiriú
 - (ii) scair na dtáirgí críochnaithe a mhéadú
 - (iii) na hinfeistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh.
10. Ní foláir comhaontú ón gCoimisiún, agus, nuair is iomchuí, ón gComhairle, a bheith le haon athruithe iardain ar an bplean náisiúnta um athstruchtúrú agus ar na pleananna leithleacha gnó.
11. Cuirfear an t-athstruchtúrú chun feidhme faoi dhálaí lán-trédhearcachta agus ar bhonn phrionsabail fóna gheilleagar an mhargaidh.
12. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán géar roimh an aontachas agus ina dhiaidh, go dtí 2009, ar chur chun feidhme an chláir um athstruchtúrú agus na bpleananna leithleacha gnó agus ar chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscscríbhinn A. Déanfaidh an Coimisiún faireachán, ach go háirithe, ar na príomhghéalltanais agus na príomhfhórála atá leagtha síos i míreanna 7 agus 8 maidir le státchabhair, inmharthanacht agus laghduithe cumais, ag baint úsáide ach go háirithe as na tagarmharcanna um athstruchtúrú atá leagtha amach i mír 9 agus i gCuid III d'Fhoscscríbhinn A. Chuige seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle.
13. Áireofar ar an bhfaireachán meastóireacht neamhspleách a dhéanfar gach bliain ó 2005 go 2009.
14. Comhoibreoidh an Rómáin go hiomlán leis na socruithe faireacháin go léir. Ach go háirithe:
- soláthróidh an Rómáin don Choimisiún tuarascálacha leathbhliantúla tráth nach déanaí ná an 15 Márta agus an 15 Meán Fómhair gach bliain, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt. Soláthrófar an chéad tuarascáil an 15 Márta 2005 agus an tuarascáil dheireanach an 15 Márta 2009;
 - beidh sna tuarascálacha an fhaisnéis uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar phróiseas an athstruchtúraithe agus ar laghdú agus úsáid cumais agus tabharfar iontu dóthain sonraí airgeadais chun gur féidir measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais sna forálacha seo agus i bhFoscscríbhinn A comhallta. Beidh sna tuarascálacha ar a laghad an fhaisnéis atá leagtha amach i gCuid IV d'Fhoscscríbhinn A, agus forchoimeádan an Coimisiún an ceart an Chuid sin a mhodhnú i gcomhréir lena thaithe i rith an phróisis faireacháin. I dteannta le tuarascálacha leithleacha gnó na gcuideachtaí tairbhiúla, beidh tuarascáil freisin ar staid fhoriomlán earnáil chruach na Rómáine, lena n-áirítear forbairtí maicreacnamaíocha déanacha;
 - cuirfidh an Rómáin iallach ar na cuideachtaí tairbhiúla gach sonra is ábhartha a nochtadh a d'fhéadfaí a mheas, i gcúinsí eile, mar shonraí rúnda. Agus tuairisc á tabhairt aige don Chomhairle, áiríteoidh an Coimisiún nach nochtfar faisnéis rúnda atá sonrath do chuideachta.

15. Beidh cruinniú gach sé mhí ag Coiste Comhairleach ar a mbeidh ionadaithe d'údaráis na Rómáine agus don Choimisiún. Féadfaidh an Coiste Comhairleach sin cruinnithe ad hoc a chomóradh freisin má mheasann an Coimisiún gur gá sin.

16. Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn an fhaireacháin, gur tharla diallais shuntasacha ó na réamhaisnéisí maidir le forbairtí maicreacnamaíocha, ó staid airgeadais na gcuideachtaí tairbhiúla nó ón measúnú inmharthanachta, féadfaidh sé a chur de cheangal ar an Rómáin bearta iomchuí a ghlacadh chun bearta um athstruchtúrú de chuid na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht a athneartú nó a mhodhnú.

17. Má thaispeánann an faireachán:

- (a) nár comhalladh na coinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscábhinn A, nó
- (b) nár comhalladh aon cheann de na gealltanais arna ndéanamh ag an Rómáin faoi chuimsiú fhadú na tréimhse inar féidir leis an Rómáin státchabhair a dheonú go heisceachtúil chun a tionscal cruach a athstruchtúrú faoin gComhaontú Eorpach, nó
- (c) go ndearna an Rómáin, i gcaitheamh na tréimhse athstruchtúraithe, státchabhair neamhréireach bhreise a dheonú do na cuideachtaí tairbhiúla nó d'aon chuideachta chruach,

glacfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí ag cur de cheangal ar aon chuideachta i dtrácht aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha atá leagtha síos sna forálacha seo agus i bhFoscábhinn A a aisíoc. Nuair is gá, rachfar ar iontaoibh na gclásal cosanta atá leagtha síos in Airteagal 37 den Phrótocal nó faoi Airteagal 39 den Phrótocal.

5. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

31999 R 1493: Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32003 R 1795: Rialachán (CE) Uimh. 1795/2003 ón gCoimisiún an 13.10.2003 (IO L 262, 14.10.2003, lch. 13).

De mhaolú ar Airteagal 19(1) go (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, féadfaidh an Rómáin aitheantas a thabhairt do chearta athphlandála arna bhfáil ó ghrafadh cineálacha hibrideacha nach bhféadfar a áireamh i rangú cineálacha fíniúna, arna saothrú ar limistéar 30 000 heicteár. Ní fhéadfar leas a bhaint as na cearta athphlandála sin ach go dtí an 31 Nollaig 2014 agus le haghaidh athphlandála *Vitis vinifera* go heisiach.

Ní bheidh athstruchtúrú agus athchóiriú na bhfionghort sin cáilithe do thacaíocht Chomhphobail dá bhforáiltear faoi Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999. Féadfar státchabhair náisiúnta a thabhairt, áfach, i gcás na gcostas a thig óna n-athstruchtúrú agus óna n-athchóiriú. Ní fhéadfaidh cabhair den sórt sin dul thar 75 % d'iomlán na gcostas in aghaidh an fhíonghoirt.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

I. Reachtáíocht tréidliachta

32004 R 0852: Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

32004 R 0853: Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

- (a) Ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2009 ag na ceanglais struchtúracha atá leagtha síos in Iarscríbhinn II, Caibidil II, de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus in Iarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil II agus III, Roinn II, Caibidil II agus III, agus Roinn V, Caibidil I, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, maidir le bunaíochtaí sa Rómáin atá liostaithe i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos thíos.
- (b) Fad a thairbheoidh na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) thuas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh intíre amháin nó ní úsáidfear iad ach do phróiseáil bhreise i mbunaíochtaí sa Rómáin atá folaithe freisin ag forálacha mhír (a), gan spleáchas don dáta margáíochta. Ní foláir marc sláinte nó sainaitheanta a bheith ar na táirgí sin a bheidh éagsúil leis an marc dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Tá feidhm ag an bhfomhír sin roimhe seo maidir leis na táirgí go léir de thionscnamh bunaíochtaí iomlánaithe feola nuair atá cuid den bhunaíocht faoi réir fhorálacha mhír (a).

- (c) Go dtí an 31 Nollaig 2009, féadfaidh na bunaíochtaí próiseála bainne atá liostaithe i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo seachadtaí bainne amh a fháil nach gcomhlíonann na ceanglais in Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil I, fochaibidil II agus III, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nó nár láimhsíodh i gcomhréir leis an ceanglais sin, ar chuntar go mbeidh na feirmeacha óna seachadfar an bainne luaite ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Rómánacha chun na críche sin. Déanfaidh an Rómáin tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh in uasghrádú na bhfeirmeacha déiríochta agus an chórais bhailithe bainne.
- (d) Áiritheoidh an Rómáin go gcomhlíonfar de réir a chéile na ceanglais dá dtagraítear i mír (a). Roimh dháta an aontachais, tíolacfaidh an Rómáin don Choimisiún plean uasghrádaithe arna fhorghéar ag an údarás inniúil náisiúnta tréidliachta le haghaidh gach ceann de na bunaíochtaí atá folaithe ag an mbeart atá leagtha síos i mír (a) agus atá liostaithe i bhFoscríbhinn B. Beidh sa phlean liosta de na heasnaimh go léir i dtaca leis na ceanglais dá dtagraítear i mír (a) agus an dáta a phleanáiltear iad a cheartú. Déanfaidh an Rómáin tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh i ngach ceann de na bunaíochtaí. Áiritheoidh an Rómáin gurb iad na bunaíochtaí a chomhlíonfaidh na ceanglais sin go hiomlán faoin 31 Nollaig 2009, agus iad sin amháin, a fhéadfaidh leanúint de bheith ag oibriú.
- (e) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ⁽¹⁾, féadfaidh an Coimisiún Foscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a thabhairt suas chun dáta roimh an aontachas agus go dtí an 31 Nollaig 2009, agus sa chomhthéacs sin féadfaidh sé bunaíochtaí leithleacha a chur léi nó a scriosadh, i bhfianaise an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le heasnaimh atá ann a cheartú agus i bhfianaise thoradh an phróisis faireacháin.

Féadfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuas a áirithiú.

II. **Reachtaíocht fiteasláintíochta**

31991 L 0414: Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cumhdaigh plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32004 L 0099: Treoir 2004/99/CE ón gCoimisiún an 1.10.2004 (IO L 309, 6.10.2004, lch. 6).

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos phrionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, ag bunú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus ag leagan síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1. 2.2002, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1642/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22.7.2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 4).

De mhaolú ar Airteagal 13(1) de Threoir 91/414/CEE, féadfaidh an Rómáin na teorainneacha ama a chur siar maidir le soláthar na faisnéise dá dtagraítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 91/414/CEE i gcás táirgí cumhdaigh plandaí a údaráítear faoi láthair sa Rómáin agus a mhargaítear go heisiach ar chríoch na Rómáine agus a bhfuil comhdhúile copair (sulfáit, ocsalóiríd nó hidracsáid), sulfar, aicéiteaclór, démhéitiáit agus 2,4-D iontu, ar chuntar go mbeidh na comhábhair sin liostaithe an tráth sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Féadfar na teorainneacha thuasluaite a chur siar go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2009, ach amháin i gcás 2,4-D a bhféadfar an teorainn ama ina leith a chur siar go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2008. Ní bheidh feidhm ag na forálacha thuas ach amháin maidir leis na cuideachtaí iarrthacha a thosaigh ag obair iarbhrí ar na sonraí is gá a ghiniúint nó a fháil roimh an 1 Eanáir 2005.

6. BEARTAS IOMPAIR

1. 31993 R 3118: Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát (IO L 279, 12.11.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 R 0484: Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 1).

(a) De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, eisíofar carraeirí arna mbunú sa Rómáin ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile agus eisíofar carraeirí arna mbunú sna Ballstáit eile ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sa Rómáin.

(b) Roimh dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún á rá cé acu an bhfadóidh siad an tréimhse sin ar feadh dhá bhliain ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.

(c) Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhír (b) thuas, ag Airteagal 1 den Rialachán, féadfaidh siad dul ar iontaoibh an nós imeachta atá leagtha amach thíos go dtí deireadh an chúigiú bliain tar éis dháta an aontachais.

Nuair a tharlaíonn suaitheadh tromchúiseach ar mhargadh náisiúnta de chuid Ballstáit dá dtagraítear san fhómhír sin roimhe seo nó ar chodanna de de bharr cabatáiste nó arna ghéarú aige, ar nós farasbairr thromchúisigh soláthair thar éileamh nó baol do chobhsaíocht airgeadais nó do mharthanas líon suntasach gnóthas tarlaithe de bhóthar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát a iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid a athbhunú ina gnáthríocht.

Scrúdóidh an Coimisiún an staid ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an mBallstát i dtrácht agus cinnefidh sé laistigh de mhí ón iarraidh a fháil an gá bearta coimirce a ghlacadh. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa dara fómhír, sa tríú fómhír agus sa cheathrú fómhír de mhír 3 agus i míreanna 4, 5 agus 6 d'Airteagal 7 den Rialachán.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fómhír thuas cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

(d) Fad nach gcuirfear Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm de bhua mhíreanna (a) agus (b) thuas, féadfaidh Ballstáit rochtain ar a seirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a rialú trí údaruithe cabatáiste a mhalartú go comhleánúnach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Féadfaidh caoi an léirscaoilte iomláin a bheith san áireamh.

(e) Ní fhéadfaidh rochtain níos sriantaí ar sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar ná mar atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais leanúint ó éifeacht míreanna (a) go (c) a chur i bhfeidhm.

2. 31996 L 0053: Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 ag leagan síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 L 0007: Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.2.2002 (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 96/53/CE, ní fhéadfaidh feithiclí a chomhlíonann na luachanna teorantacha d'aicmí 3.2.1, 3.4.1, 3.4.2 agus 3.5.1 atá sonraithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin na codanna neamhuasghrádaithe de ghréasán bóithre na Rómáine a úsáid go dtí an 31 Nollaig 2013 ach amháin má chomhlíonann siad teorainneacha Rómánacha ar ualach acastóirí.

Amhail ó dháta an aontachais, ní fhéadfar aon srianta a fhorchur ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Threoir 96/53/CE na príomhbhealaí idirthurais a úsáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Comhaontú AE/na Rómáine maidir le hIompar ⁽¹⁾ agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte Comhphobail le haghaidh an gréasán traseorpach iompair a fhorbairt ⁽²⁾, agus atá liostaithe thíos:

1. Alba Iulia — Turda — Zalău — Satu Mare — Halmeu (bóthar E 81)
2. Zalău — Oradea — Borş (bóithre 1 H agus E 60)
3. Măreşşti — Bacău — Suceava — Siret (bóthar E 85)
4. Tişţa — Tecuci — Huşi — Albiţa (bóthar E 581)
5. Simeria — Haşeg — Rovinari — Craiova — Calafat (bóthar E 79)
6. Lugoj — Caransebeş — Drobeta-Turnu Severin — Filiaşi — Craiova (bóthar E 70)
7. Craiova — Alexandria — Bucureşti (bóthar 6)
8. Drobeta-Turnu Severin — Calafat (bóthar 56 A)
9. Bucureşti — Buzău (bóithre E 60/E 85)
10. Bucureşti — Giurgiu (bóithre E 70/E 85)
11. Braşov — Sibiu (bóthar E 68)
12. Timişoara — Stamora Moraviţa

Cloífidh an Rómáin leis an amchlár atá leagtha amach sa tábla thíos le haghaidh a gréasán bóithre tánaisteacha a uasghrádú mar a thaispeántar sa léarscáil thíos. Áiritheoidh aon infheistíochtaí sa bhonneagar lena ngabhann úsáid cistí ó bhuiséad an Chomhphobail go ndéanfar na hartairí a thógáil nó a uasghrádú go dtí cumas ualachiompartha de 11,5 tona in aghaidh an acastóra.

⁽¹⁾ Comhaontú um Idirthuras de Bhóthar an 28 Meitheamh 2001 idir an Comhphobal Eorpach agus an Rómáin maidir le hiompar earraí (IO L 142, 31.5.2002, lch. 75).

⁽²⁾ IO L 228, 9.9.1996, lch. 1. Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 884/2004/CE (IO L 167, 30.4.2004, lch. 1).

De réir mar a chríochnófar an t-uasghrádú, déanfar gréasán bóithre tánaisteacha na Rómáine a oscailt go comhleánúach d'fheithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Chun críocha luchtú agus dlúchtú, nuair is féidir sin go teicniúil, ceadófar codanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán bóithre tánaisteacha a úsáid i rith na hidirthréimhse ar fad.

Amhail ó dháta an aontachais, beidh na feithiclí uile sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE faoi réir muirear sealadach breise ar ghréasán bóithre tánaisteacha na Rómáine má théann siad thar theorainneacha náisiúnta ualach acastóra. Ní bheidh na feithiclí sin faoi réir muirear sealadach breise ar ghréasán bóithre tánaisteacha na Rómáine má théann siad thar theorainneacha náisiúnta i dtaca le toise nó meáchan foriomlán na feithicle. Fairis sin, beidh na feithiclí sin sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE agus atá feistithe le córas aerchrochta faoi réir muirear de 25 % níos lú ar a laghad.

Déanfar muirir shealadacha breise a thobhach ar dhóigh neamh-idirdhealaitheach ar úsáid na gcodanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán tánaisteach ag feithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Beidh an córas gearrtha muirear trédhearcach agus ní chuirfidh íocaíocht na muirear sin ualach míchuí riaracháin nó moill mhíchuí ar an úsáidire ná ní leanfaidh ó íocaíocht na muirear sin seiceáil chórasach ar theorainneacha ualach acastóra ag an teorainn. Áiritheofar forghníomhú teorainneacha ualach acastóra ar dhóigh neamhidirdhealaitheach ar fud na críche agus beidh sé éifeachtúil freisin i ndáil le feithiclí arna gclárú sa Rómáin.

Ní rachaidh na muirir ar fheithiclí gan chóras aerchrochta a chomhlíonann na luachanna teorantacha atá leagtha amach i dTreoir 96/53/CE thar an leibhéal muirear atá leagtha amach sa tábla thíos (arna sonrú i bhfigiúirí 2002). Beidh feithiclí atá feistithe le córas aerchrochta agus a chomhlíonann na luachanna teorantacha atá leagtha amach i dTreoir 96/53/CE faoi réir muirear de 25 % níos lú ar a laghad.

Uasleibhéal muirear (figiúirí 2002) le haghaidh feithiclí gan chóras aerchrochta a chomhlíonann na luachanna teorantacha atá leagtha amach i dTreoir 96/53/CE


Ualach aon-acastóra i bhfeithicil ó — go	Méid an mhuirir bhreise in euro (figiúirí 2002) chun aon chiliméadar de bhóthar neamh-uasghrádaithe (a bhfuil cumas uasta iompair 10 tona in aghaidh an acastóra aige) a úsáid
ó 10 tona in aghaidh an acastóra go 10,5 tona in aghaidh an acastóra	0,11
ó 10,5 tona in aghaidh an acastóra go 11 tona in aghaidh an acastóra	0,30
ó 11 tona in aghaidh an acastóra go 11,5 tona in aghaidh an acastóra	0,44

Amchlár le haghaidh uasghrádú an ghréasáin bhóithre tánaisteacha ar a mbeidh oscailt chomhleánúach d'fheithiclí a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE

Tréimhse	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	IOMLÁN
Km idir lámha ⁽¹⁾	3 031	2 825	1 656	1 671	1 518	1 529	1 554	
Km arna gcur i seirbhís ⁽²⁾	960	1 674	528	624	504	543	471	
Oibreacha carnacha (i km)	3 916	5 590	6 118	6 742	7 246	7 789	8 260	8 260

⁽¹⁾ Km idir lámha = codanna den bhóthar a ndéantar obair ina leith sa bhliain tagartha. Féadfaidh na hoibreacha sin tosú sa bhliain tagartha nó féadfaidh siad a bheith tosaithe sna blianta roimhe sin.

⁽²⁾ Km arna gcur i seirbhís = codanna den bhóthar ar críochnaíodh an obair ina leith nó a cuireadh i seirbhís i rith na bliana tagartha.



3. 31999 L 0062: Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar thromfheithiclí earraí (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 12003 T: Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Threoir 1999/62/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin go dtí an 31 Nollaig 2010 ag na rátaí íosta cánach, atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, maidir le feithiclí a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre.

I rith na tréimhse sin, sroichfidh na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an Rómáin maidir leis na feithiclí sin na rátaí íosta cánach atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir i gcomhréir leis an amchlár seo a leanas:

— faoin 1 Eanáir 2007, ní bheidh na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an Rómáin níos lú ná 60 % de na rátaí íosta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir,

— faoin 1 Eanáir 2009, ní bheidh na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an Rómáin níos lú ná 80 % de na rátaí íosta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

7. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuíbhíú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais — Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32004 L 0066: Treoir 2004/66/CE ón gComhairle an 26.4.2004 (IO L 168, 1.5.2004, lch. 35).

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Rómáin díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F a ghabhann leis an Treoir go dtí go gcomhallfar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuirfidh aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

2. 31992 L 0079: Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitíní a chomhfogasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32003 L 0117: Treoir 2003/117/CE ón gComhairle an 5.12.2003 (IO L 333, 20.12.2003, lch. 49).

De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 92/79/CEE, féadfaidh an Rómáin cur i bhfeidhm na dleachta máil foriomláine íosta ar an bpraghas miondíola (lena n-áirítear gach cáin) do thoitíní san aicme phraghais is mó éileamh a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2009, ar chuntar go ndéanfaidh an Rómáin a rátaí dleachta máil a choigeartú de réir a chéile i rith na tréimhse sin ionsar an dleacht mháil fhoriomlán íosta dá bhforáiltear sa Treoir.

Gan dochar d'Airteagal 8 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socrúithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleachta máil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu ⁽¹⁾, agus tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh Ballstáit, fad atá feidhm ag an díolúine thuas, na teorainneacha cainníochtúla céanna a choimeád ar bun do thoitíní a fhéadtar a bhreith isteach ina gcriócha ón Rómáin gan breis dleachta máil a íoc is a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thrú tíortha. Féadfaidh

⁽¹⁾ IO L 76, 23.3.1992, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 807/2003 (IO L 122, 16.5.2003, lch. 36).

Ballstáit a bhaineann leas as an gcaoi seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar chuntar nach ndéanfaidh na seiceálacha sin difear d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

3. 32003 L 0049: Treoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil (IO L 157, 26.6.2003, lch. 49), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32004 L 0076: Treoir 2004/76/CE ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 157, 30.4.2004, lch. 106).

Údarófar don Rómáin gan forálacha Airteagal 1 de Threoir 2003/49/CE a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2010. I rith na hidirthréimhse sin, an ráta cánach ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa arna ndéanamh chuig cuideachtaí chomhlachaithe de chuid Ballstát eile nó chuig buanbhunaíocht is de chuid cuideachtaí chomhlachaithe Ballstát agus atá suite i mBallstát eile, ní rachaidh sé thar 10 %.

4. 32003 L 0096: Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 ag athstruchtúru an chreata Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32004 L 0075: Treoir 2004/75/CE ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 157, 30.4.2004, lch. 100).

(a) De mhaolú ar Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Rómáin na hidirthréimhsí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

— go dtí an 1 Eanáir 2011 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar pheitreal gan luaidhe arna úsáid mar thiomántán a choigeartú go dtí íosleibhéal EUR 359 in aghaidh 1 000 l. Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar pheitreal gan luaidhe arna úsáid mar thiomántán níos lú ná EUR 323 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2008,

— go dtí an 1 Eanáir 2013 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ola gháis arna húsáid mar thiomántán a choigeartú go dtí íosleibhéal EUR 330 in aghaidh 1 000 l. Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar ola gháis arna húsáid mar thiomántán níos lú ná EUR 274 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2008 agus EUR 302 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2011.

(b) De mhaolú ar Airteagal 9 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Rómáin na hidirthréimhsí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

— go dtí an 1 Eanáir 2010 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ghás nádúrtha arna úsáid chun críocha téimh nach críocha gnó a choigeartú go dtí an t-íosleibhéal cánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C,

— go dtí an 1 Eanáir 2010 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar thromola bhreosla arna húsáid chun críocha téimh cheantair a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C,

— go dtí an 1 Eanáir 2009 chun na leibhéil náisiúnta cánachais ar thromola bhreosla arna húsáid chun críocha seachas téamh ceantair a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C.

Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar na táirgí tromola breosla i dtrácht níos lú ná EUR 13 in aghaidh 1 000 kg amhail ón 1 Eanáir 2007.

(c) De mhaolú ar Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Rómáin idirthréimhse go dtí an 1 Eanáir 2010 a chur i bhfeidhm chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar leictreachas a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C. Ní bheidh na rátaí éifeachtúla cánach arna gcur i bhfeidhm ar leictreachas níos lú ná 50 % den íosráta Comhphobail ábhartha amhail ón 1 Eanáir 2007.

8. FUINNEAMH

31968 L 0414: Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáide ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriiliam a choinneáil (IO L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.1998 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CEE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag an íosleibhéal stoc de tháirgí peitriiliam go dtí an 31 Nollaig 2011. Áiritheoidh an Rómáin go gcomhfhreagraíonn a híosleibhéal stoc de tháirgí peitriiliam, i gcás gach ceann de na haicmí táirgí peitriiliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1(1):

— 68,75 lá faoin 1 Eanáir 2007,

— 73 lá faoin 31 Nollaig 2007,

— 77,25 lá faoin 31 Nollaig 2008,

— 81,5 lá faoin 31 Nollaig 2009,

— 85,45 lá faoin 31 Nollaig 2010,

— 90 lá faoin 31 Nollaig 2011.

9. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

31994 L 0063: Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitriil agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse (IO L 365, 31.12.1994, lch. 24), mar atá arna leasú le:

— 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

1. De mhaolú ar Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais d'fhearais stórála atá ann ag teirminéil:

— go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 115 fearas stórála ag 12 teirminéal agus go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 4 fearas stórála ag 1 teirminéal a bhfuil acu tríchur arna luchtú is mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana ach nach mó ná 50 000 tona in aghaidh na bliana;

— go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 138 fearas stórála ag 13 teirminéal, go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 57 fearas stórála ag 10 teirminéal agus go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 526 fearas stórála ag 63 teirminéal a bhfuil acu tríchur arna luchtú nach mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana.

2. De mhaolú ar Airteagal 4 agus Iarscríbhinn II de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais do luchtú agus díluchtú coimeádán soghluaiste atá ann ag teirminéil:

- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 36 fearas luchtaithe agus díluchtaithe ag 12 teirminéal a bhfuil acu tríchur is mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana ach nach mó ná 150 000 tona in aghaidh na bliana;
 - go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 82 fearas luchtaithe agus díluchtaithe ag 18 teirminéal, go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 14 fearas luchtaithe agus díluchtaithe ag 11 teirminéal agus go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 114 fearas luchtaithe agus díluchtaithe ag 58 teirminéal a bhfuil acu tríchur nach mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana.
3. De mhaolú ar Airteagal 5 de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais do choimeádáin shoghluaiste atá ann ag teirminéil:
- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 31 tancaer bóthair;
 - go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 101 tancaer bóthair breise;
 - go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 432 tancaer bóthair breise.
4. De mhaolú ar Airteagal 6 agus Iarscríbhinn III de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais do luchtú i bhfearais stórála atá ann ag stáisiúin seirbhíse:
- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 116 stáisiún seirbhíse, go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 19 stáisiún seirbhíse breise agus go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 106 stáisiún seirbhíse breise ar mó a dtríchur ná 1 000 m³ in aghaidh na bliana;
 - go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 49 stáisiún seirbhíse, go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 11 stáisiún seirbhíse breise agus go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 85 stáisiún seirbhíse breise ar mó a dtríchur ná 500 m³ in aghaidh na bliana ach nach mó ná 1 000 m³ in aghaidh na bliana;
 - go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 23 stáisiún seirbhíse, go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 14 stáisiún seirbhíse breise agus go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 188 stáisiún seirbhíse breise nach mó a dtríchur ná 500 m³ in aghaidh na bliana.

B. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

1. 31993 R 0259: Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 30, 6.2.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:
- 32001 R 2557: Rialachán (CE) Uimh. 2557/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 349, 31.12.2001, lch. 1).
- (a) Go dtí an 31 Nollaig 2015, cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola lena hathghabháil chuig an Rómáin atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 agus próiseálfar iad ar cothrom le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, go dtí an 31 Nollaig 2011 féadfaidh údaráis inniúla na Rómáine, ar cothrom leis na forais agóide atá leagtha síos in Airteagal 4(3) den Rialachán, agóidí a dhéanamh i gcoinne loingsithe chuig an Rómáin i gcás na dramhaíola seo a leanas lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinn III. Beidh loingsithe den sórt sin faoi réir Airteagal 10 den Rialachán.

AA. DRAMHAÍL A IOMPRAÍONN MIOTAL

- AA 060 Luathreach agus iarmhair vanaidiam
- AA 080 Dramhaíl, fuíollach agus iarmhair tailliam
- AA 090 Dramhaíl agus iarmhair arsanaice
- AA 100 Dramhaíl agus iarmhair mhearcair
- AA 130 Licéir ó mhiotail a phicliú

AB. DRAMHAÍL A BHFUIL COMHÁBHAIR NEAMHORGÁNACHA GO PRÍOMHA INTI, AR FÉIDIR MIOTAIL AGUS ÁBHAIR ORGÁNACHA A BHEITH INTI

- AB 010 Cnámhóg, luathreach agus iarmhair, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile
- AB 020 Iarmhair a eascraíonn ó dhóchán dramhaíola bardasachta/tí
- AB 030 Dramhaíl ó chórais nach bhfuil bunaithe ar chianíd agus a eascraíonn ó chóireáil dromchla miotail
- AB 040 Dramhaíl ghloine ó fheadáin gha-chatóideacha agus ó ghloiní gníomhachtaithe eile
- AB 050 Sloda fluairíde cailciam
- AB 060 Comhdhúile neamhorgánacha eile fluairín i bhfoirm leachtanna nó sloda
- AB 080 Catalaigh spíonta nach bhfuil ar an liosta glas
- AB 090 Dramh-hiodráití alúmanam
- AB 110 Tuaslagáin bhunata
- AB 120 Comhdhúile neamhorgánacha hailíde, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile

AC. DRAMHAÍL A BHFUIL COMHÁBHAIR ORGÁNACHA GO PRÍOMHA INTI, AR FÉIDIR MIOTAIL AGUS ÁBHAIR ORGÁNACHA A BHEITH INTI

- AC 040 Slodaí peitрил (gásailín) luaidhe
- AC 050 Sreabháin theirmeacha (traschur teasa)
- AC 060 Sreabháin hiodrálacha
- AC 070 Sreabháin choscán
- AC 080 Sreabháin frithreoáin
- AC 090 Dramhaíl ó roisíní, laitéis, plaisteacháin, gliúnna agus greamacháin a tháirgeadh, a fhoirmliú agus a úsáid

- AC 100 Nitricallalós
- AC 110 Feanóil, comhábhair feanóil lena n-áirítear clóraifeanól i bhfoirm leachtanna agus slodaí
- AC 120 Naftailéiní polaclóirinithe
- AC 140 Catalaíoch trí-eitiolaimín chun gaineamh teilgcheárta a théachtadh
- AC 150 Clórafluoracarbóin
- AC 160 Halóin
- AC 190 Bruth — meilteach éadrom de dheasca stialadh gluaisteán
- AC 200 Comhdhúile orgánacha fosfair
- AC 210 Tuaslagóirí neamh-halaiginithe
- AC 220 Tuaslagóirí halaiginithe
- AC 230 Iarmhair neamhuiscí halaiginithe nó neamh-halaiginithe driogtha a eascraíonn ó oibríochtaí athghabhála tuaslagóirí orgánacha
- AC 240 Dramhaíl a eascraíonn ó hidreacarbóin halaiginithe alafatacha (ar nós clóraimeatán, déchlóireatán, clóiríde vinile, clóiríde vinilidéine, clóiríde aillile agus eipeaclóirihidríne) a tháirgeadh
- AC 260 Aoileach leachtach muc, faecas
- AC 270 Sloda séarachta

AD. DRAMHAÍL AR FÉIDIR COMHÁBHAIR ORGÁNACHA NÓ NEAMHORGÁNACHA A BHEITH INTI

- AD 010 Dramhaíl ó tháirgí cógaisíochta a tháirgeadh agus a ullmhú
- AD 020 Dramhaíl ó bhithicídí agus fíteacógais a tháirgeadh, a fhoirmliú agus a úsáid
- AD 030 Dramhaíl ó cheimiceáin leasaithe adhmaid a mhonarú, a fhoirmliú agus a úsáid

Dramhaíl ina bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas, atá comhdhéanta de nó atá fabhtaithe aige:

- AD 040 Ciainídí neamhorgánacha, amach ó iarmhair a iompraíonn miotail lómhara i bhfoirm sholadach ina bhfuil rianta de chianídí neamh-orgánacha
- AD 050 Ciainídí orgánacha

- AD 080 Dramhaíl de chineál pléascach, nuair nach bhfuil sí faoi réir reachtaíochta sonraí eile
- AD 110 Tuaslagáin aigéadacha
- AD 120 Róisíní malairte ian
- AD 130 Ceamaraí aonuaire ag a bhfuil batairí
- AD 140 Dramhaíl ó fheistí rialaithe ar thruailliú tionsclaíoch chun easgháis thionsclaíocha a ghlanadh, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile
- AD 150 Ábhar orgánach a fhaightear go nádúrtha arna úsáid mar mheán scagtha (ar nós bithscagairí)
- AD 160 Dramhaíl bhardasachta/tí
- AD 170 Carbón gníomhachtaithe spíonta a bhfuil gnéithe contúirteacha aige agus ar toradh é ar a úsáid sa tionscal ceimiceach neamhorgánach, sa tionscal ceimiceach orgánach agus i dtionscal na cógaisíochta, i gcóireáil fuíolluisce, i bpróisis ghlanta gáis/aeir agus i bhfeidhmiúcháin eile dá samhail

Féadfar an tréimhse sin a fhadú go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2015 faoin nós imeachta atá sainithe in Airteagal 18 de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl ⁽¹⁾ mar atá arna leasú le Treoir 91/156/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, go dtí an 31 Nollaig 2011 féadfaidh údarás inniúla na Romáine, ar cothrom leis na forais agóide atá leagtha síos in Airteagal 4(3) den Rialachán, agóidí a dhéanamh i gcoinne loingsithe dramhaíola chuig an Rómáin lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán. Féadfar an tréimhse sin a fhadú go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2015 faoin nós imeachta atá sainithe in Airteagal 18 de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl ⁽¹⁾ mar atá arna leasú le Treoir 91/156/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (d) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, déanfaidh údarás inniúla na Romáine agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin arb é a gceann scríbe áis a thairbhíonn de mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú iomlánaíthe ar an truailliú ⁽⁴⁾, de Threoir 2000/76/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2000 maidir le dramhaíl a loscadh ⁽⁵⁾, nó de Threoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le hastaíocht truailléan áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú ⁽⁶⁾, i rith na tréimhse ina gcuirtear an maolú sealadach i bhfeidhm maidir leis an áis chinn scríbe.

⁽¹⁾ IO L 194, 25.7.1975, lch. 39. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

⁽²⁾ IO L 78, 26.3.1991, lch. 32.

⁽³⁾ IO L 78, 26.3.1991, lch. 32.

⁽⁴⁾ IO L 257, 10.10.1996, lch. 26. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

⁽⁵⁾ IO L 332, 28.12.2000, lch. 91.

⁽⁶⁾ IO L 309, 27.11.2001, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 703).

2. 31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32004 L 0012: Treoir 2004/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.2.2004 (IO L 47, 18.2.2004, lch. 26).

(a) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(a) de Threoir 94/62/CE, déanfaidh an Rómáin an sprioc foriomlán athghabhála nó losctha ag gléasraí losctha dramhaíola lena ngabhann athghabháil fuinnimh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2011 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 32 % de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 34 % do 2007, 40 % do 2008, 45 % do 2009 agus 48 % do 2010.

(b) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(b) de Threoir 94/62/CE, déanfaidh an Rómáin an sprioc foriomlán athghabhála nó losctha ag gléasraí losctha dramhaíola lena ngabhann athghabháil fuinnimh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2013 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 53 % de réir meáchain do 2011 agus 57 % do 2012.

(c) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(c) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Rómáin amach an sprioc athchúrsála le haghaidh plaisteach faoin 31 Nollaig 2011 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 8 % de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 10 % do 2007, 11 % do 2008, 12 % do 2009 agus 14 % do 2010.

(d) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(d) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Rómáin amach an sprioc foriomlán athchúrsála faoin 31 Nollaig 2013 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 26 % de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 28 % do 2007, 33 % do 2008, 38 % do 2009, 42 % do 2010, 46 % do 2011 agus 50 % do 2012.

(e) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(e)(i) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Rómáin amach an sprioc athchúrsála le haghaidh gloine faoin 31 Nollaig 2013 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 21 % de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 22 % do 2007, 32 % do 2008, 38 % do 2009, 44 % do 2010, 48 % do 2011 agus 54 % do 2012.

(f) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(e)(iv) de Threoir 94/62/CE, déanfaidh an Rómáin an sprioc athchúrsála le haghaidh plaisteach, ar a n-áireofar go heisiach ábhar a dhéantar a athchúrsáil ar ais i bplaistigh, a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2013 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 16 % de réir meáchain do 2011 agus 18 % do 2012.

(g) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(e)(v) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Rómáin amach an sprioc athchúrsála le haghaidh adhmaid faoin 31 Nollaig 2011 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— 4 % de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 5 % do 2007, 7 % do 2008, 9 % do 2009 agus 12 % do 2010.

3. 31999 L 0031: Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).
- (a) De mhaolú ar Airteagal 14(c) agus pointí 2, 3, 4 agus 6 d'Iarscríbhinn I de Threoir 1999/31/CE, agus gan dochar do Threoir 75/442/CEE an 15 Iúil 1975 ón gComhairle maidir le dramhaíl ⁽¹⁾ agus do Threoir 91/689/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le dramhaíl chontúirteach ⁽²⁾, ní bheidh feidhm maidir le 101 laithreán bhardasach líonta talún atá ann sa Rómáin go dtí an 16 Iúil 2017 ag na ceanglais a bhaineann le rialú uisce agus bainistíocht láisteach, cosaint ithreach agus uisce, rialú agus cobhsaíocht gáis.

Áiritheoidh an Rómáin laghdú de réir a chéile den dramhaíl arna cur i líonadh talún sna 101 laithreán bardasach neamhchomhlíontach sin atá ann i gcomhréir leis na méideanna uasta bliantúla seo a leanas:

- faoin 31 Nollaig 2006: 3 470 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2007: 3 240 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2008: 2 920 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2009: 2 920 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2010: 2 900 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2011: 2 740 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2012: 2 460 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2013: 2 200 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2014: 1 580 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2015: 1 420 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2016: 1 210 000 tona.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 5(3)(a) agus (b) agus ar Iarscríbhinn I, pointe 2, an dara fleasc, de Threoir 1999/31/CE agus gan dochar d'Airteagal 6(c)(ii) den Treoir sin agus gan dochar do Threoir 75/442/CEE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais do dhramhaíl leachtach, chreimneach agus ocsaídeach agus i dtaca le cosc ar uisce dromchla a theacht isteach i ndramhaíl arna cur i líonadh talún maidir leis na 23 áis seo a leanas atá ann go dtí an dáta atá sonraithe do gach áis:

Go dtí an 31 Nollaig 2007:

1. S.C. BEGA UPSOM Ocna Mureş, Ocna Mureş, contae Alba

⁽¹⁾ IO L 194, 25.7.1975, lch. 39. Treoir mar atá arna leasú le Treoir 91/156/CEE agus mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

⁽²⁾ IO L 377, 31.12.1991, lch. 20. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 94/31/CE (IO L 168, 2.7.1994, lch. 28).

Go dtí an 31 Nollaig 2008:

2. S.C. TERMoeLECTRICA SA — SE Doicești, Doicești, contae Dâmbovița
3. S.C. COMPLEXUL ENERGETIC ROVINARI SA, Cicani-Beterega, contae Gorj
4. RAAN Drobeta-Turnu Severin — Sucursala ROMAG — TERMO, Drobeta-Turnu Severin, contae Mehedinți

Go dtí an 31 Nollaig 2009:

5. COMPLEXUL ENERGETIC CRAIOVA — SE Craiova, Valea Mănăstirii, contae Dolj
6. COMPLEXUL ENERGETIC CRAIOVA — SE Ișalnița, Ișalnița II, contae Dolj
7. COMPLEXUL ENERGETIC CRAIOVA — SE Ișalnița, Ișalnița I, contae Dolj
8. S.C. ELECTROCENTRALE DEVA SA — SE Paroșeni, Căprișoara, contae Hunedoara
9. S.C. TERMICA SA Suceava, Suceava, contae Suceava

Go dtí an 31 Nollaig 2010:

10. S.C. ELECTROCENTRALE DEVA SA, Bejan, contae Hunedoara
11. S.C. ALUM Tulcea, Tulcea, contae Tulcea

Go dtí an 31 Nollaig 2011:

12. S.C. UZINA TERMoeLECTRICĂ GIURGIU SA, Giurgiu, contae Giurgiu

Go dtí an 31 Nollaig 2012

13. CET Bacău, Furnicari — Bacău, Bacău
14. S.C. COMPLEXUL ENERGETIC TURCENI, Valea Ceplea, contae Gorj
15. S.C. COMPLEXUL ENERGETIC TURCENI, Valea Ceplea, contae Gorj
16. S.C. UZINELE SODICE Govora, Govora, contae Vâlcea
17. S.C. CET Govora SA, Govora, contae Vâlcea

Go dtí an 31 Nollaig 2013:

18. S.C. CET Arad, Arad, contae Arad

19. S.C. ELECTROCENTRALE ORADEA SA, Sântaul Mic, contae Bihor
20. S.C. ELECTROCENTRALE ORADEA SA, Sântaul Mic, contae Bihor
21. S.C. ELECTROCENTRALE ORADEA SA, Sântaul Mic, contae Bihor
22. CET II Iași, Holboca, contae Iași
23. S.C. Uzina Electrică Zalău, Hereclean — Panic, contae Sălaj

Áiritheoidh an Rómáin laghdú de réir a chéile den dramhaíl leachtach arna cur i líonadh talún sna 23 áis neamhchomhlíontach sin atá ann i gcomhréir leis na méideanna uasta bliantúla seo a leanas:

- faoin 31 Nollaig 2006: 11 286 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2007: 11 286 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2008: 11 120 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2009: 7 753 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2010: 4 803 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2011: 3 492 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2012: 3 478 000 tona,
- faoin 31 Nollaig 2013: 520 000 tona.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 5(3)(a) agus (b) agus ar Iarscríbhinn I, pointe 2, an dara fleasc, de Threoir 1999/31/CE agus gan dochar d'Airteagal 6(c)(ii) den Treoir sin agus gan dochar do Threoir 75/442/CEE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais do dhramhaíl leachtach, chreimneach agus ocsaídeach agus i dtaca le cosc ar uisce dromchla a theacht isteach i ndramhaíl arna cur i líonadh talún maidir leis na 5 linn fuíll seo a leanas atá ann go dtí an dáta atá sonraithe do gach linn fuíll:

Go dtí an 31 Nollaig 2009:

1. BĂIȚA Ștei, Fânațe, contae Bihor

Go dtí an 31 Nollaig 2010:

2. TRANSGOLD Baia Mare, Aurul-Recea, contae Maramureș
3. MINBUCOVINA Vatra Dornei, Ostra-Valea Straja, contae Suceava

Go dtí an 31 Nollaig 2011:

4. CUPRUMIN Abrud, Valea Șesei, contae Alba

5. CUPRUMIN Abrud, Valea Ștefanței, contae Alba.

Áiritheoidh an Rómáin laghdú de réir a chéile den dramhaíl leachtach arna cur i líonadh talún sna 5 linn fuíll neamhchomhlíontach sin atá ann i gcomhréir leis na méideanna uasta bliantúla seo a leanas:

- faoin 31 Nollaig 2006: 6 370 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2007: 5 920 000 tona (ar a n-áireofar 2 100 000 tona contúirteach, 3 820 000 tona neamhcontúirteach);
- faoin 31 Nollaig 2008: 4 720 000 tona (ar a n-áireofar 2 100 000 tona contúirteach, 2 620 000 tona neamhcontúirteach);
- faoin 31 Nollaig 2009: 4 720 000 tona (ar a n-áireofar 2 100 000 tona contúirteach, 2 620 000 tona neamhcontúirteach);
- faoin 31 Nollaig 2010: 4 640 000 tona (ar a n-áireofar 2 100 000 tona contúirteach, 2 540 000 tona neamhcontúirteach);
- faoin 31 Nollaig 2011: 2 470 000 tona (ar fad neamhcontúirteach).

- (d) De mhaolú ar an dara fleasc d'Airteagal 2(g) de Threoir 1999/31/CE, agus gan dochar do Threoir 75/442/CEE, agus do Threoir 91/689/CEE, ní mheasfar go dtí an 31 Nollaig 2009 sa Rómáin gur líonadh talún é buanláithreán a úsáidtear do stóráil shealadach dramhaíola contúirtí arna giniúint laistigh den Rómáin.

Soláthróidh an Rómáin don Choimisiún faoin 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú an 30 Meitheamh 2007, tuarascáil maidir leis an Treoir a chur chun feidhme de réir a chéile agus maidir le comhlíonadh na spriocanna idirmheánacha sin.

4. 32002 L 0096: Treoir 2002/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 37, 13.2.2003, lch. 24), mar atá arna leasú le:

- 32003 L 0108: Treoir 2003/108/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8.12.2003 (IO L 345, 31.12.2003, lch. 106)

De mhaolú ar Airteagail 5(5) agus 7(2) de Threoir 2002/96/CE, faoin 31 Nollaig 2008 bainfidh an Rómáin amach ráta bailiúcháin leithligh de cheithre chileagram DTLL ar a laghad ar an meán in aghaidh an duine in aghaidh na bliana ó theaghlaigh phríobháideacha agus bainfidh sí amach an ráta athghabhála agus an ráta athúsáide agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhar agus substaintí.

C. CÁILÍOCHT AN UISCE

1. 31983 L 0153: Treoir 84/513/CEE ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1983 maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh caidmiam (IO L 291, 24.10.1983, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 31991 L 0692: Treoir 91/692/CEE ón gComhairle an 23.12.1991 (IO L 377, 31.12.1991, lch. 48).
- 31984 L 0156: Treoir 84/156/CEE ón gComhairle an 8 Márta 1984 maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh mearcair ag earnálacha seachas tionscal an leictrealaithe chlóralcaile (IO L 74, 17.3.1984, lch. 49), mar atá arna leasú le:
- 31991 L 0692: Treoir 91/692/CEE ón gComhairle an 23.12.1991 (IO L 377, 31.12.1991, lch. 48).

